Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10592 — KKR / KÖRBER / KÖRBER SUPPLY CHAIN SOFTWARE MANAGEMENT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 44/12)

1. An 21 Eanáir 2022 fuair an Coimisiún fógra faoi chomhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— KKR & Co Inc. (in éineacht lena chuid fochuideachtaí "KKR", na Stáit Aontaithe),

— Körber AG ("Körber", an Ghearmáin),

— Körber Supply Chain Software Management GmbH (an "Sprioc-chuideachta", an Ghearmáin), cuideachta atá á rialú ag Körber faoi láthair

Gheobhaidh KKR agus Körber rialú ar chuid (nó ar chodanna) den Sprioc-chuideachta de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— maidir le KKR: is gnólacht infheistíochta domhanda é a thairgeann réitigh maidir le bainistiú malartach sócmhainní, agus maidir le margaí caipitil, agus árachas. Urraíonn KKR cistí infheistíochta lena ndéantar infheistiú i gcothromas príobháideach, i gcreidmheas agus i sócmhainní réadacha, cistí a bhfuil comhpháirtithe straitéiseacha acu a bhainistíonn cistí fálaithe,

— maidir le Körber AG: is cuideachta sealbhaíochta um bainistíocht straitéiseach atá ann, cuideachta a thairgeann iliomad cineálacha táirgí, réiteach agus seirbhísí sna cúig réimse gnó lena bpléann sí: cúrsaí digiteacha, an chógaisíocht, cúrsaí slabhra soláthair, ciarsúir, agus an tabac. Tá scaireanna Körber faoi úinéireacht iomlán Körber Stiftung, fondúireacht phríobháideach Ghearmánach,

— maidir leis an Sprioc-chuideachta: is cuideachta í a sholáthraíonn bogearraí um fheidhmiú slabhraí soláthair, rud a dhéanann sí trína cuid réiteach cuimsitheach teicneolaíochta amhail bogearraí, agus trí theicneolaíocht chumasúcháin amhail an róbataic agus an rialú gutha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10592 — KKR / KÖRBER / KÖRBER SUPPLY CHAIN SOFTWARE MANAGEMENT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË